

PÍOSAÍ AS AN TARGAIREACHT

Tiocfaidh an long óir agus an t-ór ina diadh.

Tiocfaidh cogadh an dá dhall agus is mionfhior don té a bheas beo ina dhiadh.

Féadfaidh fear a dhul ar an gcnoc is aoirde agus breathnughadh uaidh agus a rádh gur leis a bhfeiceann sé.

Millfear Sasana, criathróir Albain agus ruilleánfar Éirinn.

Ionntóchar an seanfhear trí huaire ina leabaidh féachaint a mbeidh sé indon arm a iomchur.

Tá sé ráidhte gur ag Sasana a d'fhan an targaireacht cébrí caoi a bhfuair siad í. Agus tá sé ráidhte freisin gur iarr Colm Cille ar Dhia leath an targaireacht a bheith ina fhírinne agus an leath eile ina bhréag. Deir siad go bhfuil sé seo a' cur na Sasanaí amudha ó shoin nuair nach bhfeiceann siad cuid de na rudaí a' teacht amach fíor.